

PREAS RÁITEAS – 3 Nollaig 2013

Sinn Féin is mó atá luaite leis na Gaeil nach maireann, ach ba bheag a mbaint le Fine Gael

Dá mbeadh vóta ag na Gaeil mhóra le rá nach maireann, an é Sinn Féin an rogha páirtí a bheadh acu agus an dtabharfaidís droim lámhe le Fine Gael?

De réir anailíse nua, is é Sinn Féin an páirtí is minice atá luaite ar an mbunachar ainm.ie ar a bhfuil 1.3 milliún focal agus cuntas beatha 1705 duine a raibh baint acu le saol na Gaeilge ó 1560 anall go dtí ár linn féin.

Is é Fine Gael, an páirtí is rathúla sa Stát faoi láthair, an mórfháirtí is lú a dtagraítear dó san 1705 nóta beathaisnéise agus gan é luaite ach seacht n-uaire ar fad.

Tá Sinn Féin luaite i 137 den 1705 beatha ar ainm.ie, acmhainn ar líne atá bunaithe ar an tsraith leabhar iomráiteach, *Beathaisnéis*, le Diarmuid Breathnach agus Máire Ní Mhurchú.

Is é an dara páirtí is mó a luaitear leis na Gaeil atá imithe ar shlí na fírinne ná Fianna Fáil, agus tagraítear don pháirtí sin in 68 beatha.

Tá Páirtí an Lucht Oibre, a luaitear in 22 beatha sa tríú háit, chun tosaigh ar Fhine Gael/Cumann na nGaedheal a bhfuil tagairt dóibh i 21 beatha.

Má thógtar san áireamh go mbaineann 14 de na tagairtí seo le Cumann na nGaedheal (1923 -1933), ní luaitear Fine Gael, an páirtí is mó sa Stát faoi láthair, ach i seacht mbeatha ar fad.

Tá Páirtí Cumannach na hÉireann luaite faoi dhó ar ainm.ie, sa nóta beathaisnéise ar an scríbhneoir Liam Ó Flaithearta, duine de bhunaitheoirí an pháirtí sin, agus sa chuntas ar an drámadóir Seán Ó hÉidirsceoil a bhí gníomhach sa pháirtí sin.

Ag labhairt dó faoi thorthaí na hanailíse, dúirt Dr Gearóid Ó Cleircín, Fiontar DCU:

“Bhí ról lárnach ag cuid mhaith de na Gaeilgeoirí a bhfuil a mbeathaí ar ainm.ie i stair na hÉireann agus baint ag go leor acu le múnlu fhéiniúlacht nua-aimseartha Éireannach le linn aimsir na hAthbheochana agus le bunú agus forbairt an Stáit ina dhiaidh sin.

“Tá ciall leis na torthaí maidir le Sinn Féin nuair a chuimhnítear gurb é an páirtí is sine sa Stát é. Bunaíodh é in 1905, bhí baint nach beag ag lucht na hAthbheochana le Sinn Féin. Daoine a rugadh sa dara leath den naoú haois déag agus a bhí gníomhach sa pháirtí le linn na tréimhse 1905–1923 is mó atá i gceist.

“I gcás Fhianna Fáil bheifeá ag súil chomh maith go mbeadh líon na dtagairtí dó réasúnta ard toisc gurbh é an páirtí ba mhó agus ba rathúla in Éirinn ó 1932 go 2011.

Díol suntais is ea é a laghad tagairtí d'Fhine Gael sa 1705 cuntas beatha ar ainm.ie, dar le Ó Cleircín.

“Tá sé suimiúil nach luaitear Fine Gael féin, páirtí a d’eascair as cónascadh Chumann na nGaedheal agus dhá grúpa eile, agus a bhí ar an dara páirtí is mó sa Stát ar feadh i bhfad, ach i 7 mbeatha.”

Is féidir cuardach a dhéanamh ar ainm.ie anois de réir téamaí éagsúla, ina measc ‘Slite Beatha’ agus ‘Páirtithe Polaitíochta’.

Is é an ghairm is coitianta a luaitear leis na Gaeil ar ainm.ie ná ‘múinteoir’ atá luaite le 345 beatha. Tá ‘scríbhneoir’ sa dara háit agus ‘scoláire’ sa tríú háit. Bhí baint ag a lán de na beathaí leis an gcreideamh agus tá 186 sagart Caitliceach luaite mar aon le 31 Proinsiasach, 17 Íosánach agus 14 Bráthair Críostaí. I measc na mbeathaí freisin tá 42 ministir Protastunach. Léiríonn na slite beatha chomh maith gur dream ildánach ilchineálach iad na Gaeil. I measc na slite beatha neamhchoitianta in ainm.ie tá seisear mianadóirí, cúigear breithiúna, ceathrar poitigéirí, triúr máinlianna, beirt thiománaithe tacsáí agus coimeadaí tí solais amháin.

D’fhógair riarthóirí ainm.ie chomh maith an tseachtain seo go bhfuil 10 mbeatha nua curtha leis an mbunachar beathaisnéise. Ina measc siúd a bhfuil cuntas scríofa orthu tá an peileadóir aitheanta as Ciarraí Páidí Ó Sé a cailleadh anuraidh, an scoláire Robert Welch agus an file Árannach Dara Beag Ó Fáthartaigh.

ainm.ie, suíomh beathaisnéisí Gaeilge, á fhorbairt ag Fiontar, DCU i gcomhar le Cló Iar-Chonnacht.

- Chun tuilleadh eolais a fháil nó chun agallamh a shocrú déan teagmháil le

Dr. Gearóid Ó Cleircín

Téarmeolaí

Fiontar

Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

[+353-1-7005789](tel:+353-1-7005789)

gearoid.ogleircin@dcu.ie